Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Nollaig 2023**
**(OR. en)**

**16754/23**

**AG 176**
**EMPL 617**
**SOC 864**
**MIGR 452**
**COH 100**
**SAN 748**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 16472/23 |
| Ábhar: | An t-athrú déimeagrafach a bhainistiú san Eoraip – Conclúidí ón gComhairle (an 12 Nollaig 2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an athrú déimeagrafach a bhainistiú san Eoraip, a d'fhormheas an Chomhairle (EPSCO) ag an gcruinniú a bhí aici an 12 Nollaig 2023.

## Conclúidí ón gComhairle maidir leis an athrú déimeagrafach a bhainistiú san Eoraip

**I bhFIANAISE AN MHÉID SEO A LEANAS:**

1. I gconclúidí[1] mhí an Mheithimh 2023, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún bosca uirlisí a thíolacadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha agus go háirithe ar a dtionchar ar bhuntáiste iomaíoch na hEorpa.

2. I nDearbhú Granada an 6 Deireadh Fómhair 2023, leagadh béim ar a dhiongbháilte atáimid aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha mar chuid de na hiarrachtaí chun Eoraip níos láidre, níos dinimiciúla, níos iomaíche agus níos comhtháite a fhorbairt sa domhan síorathraitheach seo.

3. Cuireadh an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2023 dar teideal 'An t-athrú déimeagrafach san Eoraip: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta'[2] i láthair ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta an 24 Deireadh Fómhair 2023, áit ar iarr na hairí go ndéanfaí obair leantach ar an tionscnamh sin.

**AGUS GUR DÍOL SÁSAIMH DI:**

4. An Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2023 dar teideal 'An t-athrú déimeagrafach san Eoraip: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta', lena n-áirítear an anailís a rinne sé ar na dúshláin dhéimeagrafacha sna Ballstáit agus an iarraidh go nglacfaí cur chuige cuimsitheach i leith an t-athrú déimeagrafach a bhainistiú, a thabharfadh de chumhacht do gach glúin leas a bhaint as a gcuid buanna, agus a gcuid mianta a fháil trína mianta príobháideacha agus a mianta don teaghlach a thabhairt chun réitigh leis an obair ar íocaíocht; tacú leis an nglúin óg agus leis an nglúin scothaosta agus iad a chumhachtú, lena n-áirítear trína rochtain ar mhargadh an tsaothair agus ar thithíocht inacmhainne a éascú; tallann ó gach cearn den domhan a mhealladh, i gcás inar gá, trí thionscnaimh spriocdhírithe ar an lucht saothair a mbainfidh gach taobh tairbhe astu.

---

[1] EUCO 7/23.
[2] 14191/23.

5. Gealltanas an Choimisiúin go nglacfaidh sé céimeanna breise chun tacú leis na Ballstáit an t-athrú déimeagrafach a bhainistiú trí bhíthin tacar uirlisí beartais atá ar fáil ar leibhéal an Aontais, go háirithe d'fhonn an bonn sonraí agus fianaise a neartú, agus béim á leagan ar a thábhachtaí atá infheistíochtaí, chun tacú le beartais déimeagrafaíochta ar gach leibhéal agus chun a áirithiú nach bhfágfar aon réigiún san Aontas ar lár.

**FÓGRAÍONN AN CHOMHAIRLE GUR DÍOL SÁSAIMH DI GO BHFUIL SÉ DE RÚN AG AN gCOIMISIÚN TACÚ LE CUR CHUN FEIDHME AN BHOSCA UIRLISÍ TRÍD AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

6. Ábhair imní dhéimeagrafacha a phríomhshruthú i dtograí beartais ábhartha ar leibhéal an Aontais agus sna measúnuithe tionchair a ghabhann leo, i gcás inarb iomchuí.

7. An anailís ar phríomhthéamaí agus ar phríomhdhúshláin an athraithe dhéimeagrafaigh a threisiú chun freagairt éifeachtach agus chomhleanúnach a chur ar fáil. I ndáil leis an méid sin, aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá an tacaíocht a thugtar le hanailís eolaíoch fhianaisebhunaithe agus leis an gcomhairle i dtaobh beartais, arna gcur ar fáil go háirithe ag institiúidí ábhartha taighde maidir le gnéithe éagsúla d'fhorbairt an daonra san Aontas Eorpach, sna Ballstáit agus sna réigiúin.

8. Idirphlé agus teagmhálacha rialta a spreagadh leis na Ballstáit maidir le gach gné den déimeagrafaíocht trí struchtúir agus acmhainní tiomnaithe agus, i gcás inarb infheidhme, trí chomhordaitheoirí ainmnithe náisiúnta déimeagrafaíochta.

9. A áirithiú nach bhfágfar aon saoránach ná aon réigiún san Aontas ar lár, gan beann ar a méid ná ar a mhéid atá siad uirbithe, trí mhachnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh beartais an Aontais cuidiú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha, go háirithe i gcomhthéacs an 9ú tuarascáil um chomhtháthú atá le teacht go luath in 2024 agus na tuarascála maidir le cur chun feidhme na físe fadtéarmaí do cheantair thuaithe.

**LEAGANN AN CHOMHAIRLE BÉIM AR A RIACHTANAÍ ATÁ SÉ GO nGNÍOMHÓFAÍ A THUILLEADH CHUN AN tATHRÚ DÉIMEAGRAFACH SAN EORAIP A BHAINISTIÚ TRÍD AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:**

10. Iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh chun an t-athrú déimeagrafach agus a thionchar ar an iomaíochas, ar an gcaipiteal daonna agus ar an gcomhionannas a léiriú, i bhfianaise an phlé a dhéanfar amach anseo ar ábhar a ngabhann tábhacht straitéiseach leis don Aontas.